# Fíricí Suimiúla do Dhaltaí Sóisearacha Bunscoile

# Na Séasúir

## An tEarrach

Tosaíonn an tEarrach ar an gcéad lá de mhí an Mhárta agus leanann ar aghaidh go dtí deireadh mhí Bealtaine.



Ag an am seo tosaíonn ainmhithe agus plandaí ag dúiseacht tar éis dóibh a bheith ina gcodladh ar feadh geimhreadh fada.

Tosaíonn bláthanna cosúil le tiúilipí agus los an chromchinn ag bláthú. Éiríonn an aimsir níos teo agus na laethanta níos faide.

San am atá thart, mheastaí gurbh é 1 Feabhra an chéad lá den earrach.

## Summer

## An Samhradh



Tosaíonn an samhradh ar na gcéad lá de mhí an Mheithimh agus leanann ar aghaidh go dtí deireadh mhí Lúnasa.

Sa séasúr seo is féidir leis na aimsir bheith te, grianmhar.


Críochnaíonn an scoil agus tosaíonn laethanta saoire an tsamhraidh!

Téann daoine go dtí an trá ar laethanta teo ag caitheamh brístí gearra agus t-léinte.

Dar linne anseo i Met Éireann, is sa samhradh a bhíonn na trí mhí is teo den bhliain. In Éirinn is iad Meitheamh, Iúil agus Lúnasa na míonna sin.

## An Fómhar

Tosaíonn an tEarrach ar an gcéad lá de Mheán Fómhair agus leanann ar aghaidh go dtí deireadh mhí na Samhna.



Sa séasúr seo tosaíonn an aimsir ag éirí níos fuaire.

Tosaíonn na duilleoga ag titim de na crainn agus ní bhíonn an méid céanna bláthanna ann.

## Geimhreadh



Tosaíonn an geimhreadh ar an gcéad lá de mhí na Nollag agus leanann ar aghaidh go dtí deireadh mhí Feabhra. Bíonn na crainn lom agus téann ainmnithe a chodladh.

Bíonn sé an-fhuar lasmuigh agus caithfimid éadaí teo a chaitheamh.

Uaireanta bíonn sneachta ann sa gheimhreadh.